AN AOINE

An Saol a Chaitheamh agus Dóchas againn sa Todhchaí

23 EANÁIR – 30 EANÁIR 2022

Réamhrá:
Is ábhar buartha é an méid scannán agus leabhar atá dírithe ar an aos óg, a thugann le fios go bhfuil diostóipe gruama i ndán dúinn amach anseo. Luaitear tubaistí aeráide iontu, an phaindéim dhomhanda, agus apacailipsis na zombaithe fiú! Caithfear gach iarracht a dhéanamh mar sin, a bheith deimhneach dóchasach faoin todhchaí. Bíodh an misneach ionainn an fhís atá againn a leanúint, agus an dóchas ionainn go gcuirfidh Dia gach treoir agus tacaíocht ar fáil dúinn ionas gur féidir linn saol a chaitheamh a bheidh lán den chreideamh, den dóchas sa todhchaí, agus den ghrá.

Díríonn An Pápa Proinsias ár n-aire ar an teachtaireacht seo – 'Caithfear an dóchas a chur i bhfeidhm athuair i measc na n-óg. Cabhraígí leis an lucht aosta, bíodh dóchas agaibh sa todhchaí, scaip an grá.'

Eochairfhocail:
An todhchaí, dóchas, an bheatha, grá, iomláine.

Gníomhaíochtaí:
1. *Éist leis an amhrán 'Lift the Ceiling' le Greenshine agus ansin freagair na ceisteanna.*

(Íomhá ó chlúdach an amhráin, úsáidte le cead ó Mary Greene)

Tá físeán an amhráin ar fáil ag: https://youtu.be/aVeK8kUjEzw.
Tá liricí an amhráin ar fáil ag: https://greenshine.bandcamp.com/track/lift-the-ceiling-2.

Cad iad dúshláin an lae inniu a luaitear san amhrán?

_____

_____

_____

_____

Cad iad na hábhair dóchais sa todhchaí a luaitear san amhrán?

_____

_____

_____

_____

2. Éist leis an amhrán 'Hope Set High' le Amy Grant agus ansin freagair na ceisteanna.



Íomhá ón amhrán ar YouTube.com)

Tá físeán an amhráin ar fáil ag: https://youtu.be/K1gO8mByaJE.
Tá liricí an amhráin ar fáil ag: https://www.azlyrics.com/lyrics/amygrant/hopesethigh.html.

Conas mar a bhronnann an creideamh reiligiúnach, misneach agus dóchas sa todhchaí ar an scríbhneoir?

_____

_____

_____

_____

Cén tuairim atá agat féin maidir leis na riachtanais atá ann le saol iomlán lántairbhe a chaitheamh faoi láthair?

_____

_____

_____

_____

Má chabhraíonn an dóchas linn aghaidh a thabhairt ar an todhchaí, cad a chabhródh linn le saol iomlán lántairbhe a chaitheamh faoi láthair?

Smaoineamh an Lae
'Tháinig mise chun go mbeadh an bheatha acu agus go mbeadh sí acu go fial.' (Eoin 10:10)

Machnamh:
Ceaptar uaireanta go mbíonn neamhréiteach ann idir saol iomlán lántairbhe a chaitheamh faoi láthair, agus aghaidh a thabhairt ar an todhchaí. Ní gá rogha a dhéanamh eatarthu, is féidir an dá cheann a dhéanamh taobh le taobh. Má bhímid ag maireachtáil go hiomlán lántairbhe san am i láthair, tógaimid bunchloch fhiúntach le haghaidh a thabhairt go dóchasach ar an todhchaí. Má dhírímid ár n-intinn agus ár gcroí i dtreo Dé agus i dtreo an duine eile, is féidir linn maireachtáil go sona sásúil go fóill, agus a bheith ag tógáil don todhchaí ar bhealach a dhéanfaidh an saol a shaibhriú dúinn amach anseo.

Féach an PowerPoint atáar fáil agus a bhaineann leis an urnaí/machnamh seo.

Bileog Oibre Breise – Saol Iomlán a Chaitheamh agus Aghaidh a Thabhairt ar an Todhchaí
Tabhair freagairt phearsanta ar na sleachta seo a luaitear mar gheall ar an am i láthair agus an todhchaí::

'Cuirtear tús leis an todhchaí inniu, ní amárach.' (An Pápa Eoin Pól II)

'Níl rud ar bith ionchurtha leis an bhfís gur féidir an todhchaí a chruthú.' (Victor Hugo)

Ní féidir dualgas na todhchaí a sheachaint trí éalú inniu uaidh.' (Abraham Lincoln)

'Impireachtaí na todhchaí ná impireachtaí na haigne.' (Winston Churchill)

'Measaim nach fiú le háireamh pianta na huaire seo le hais na glóire atá le foilsiú dúinn.'
(Rómhánaigh 8:18)

'Is do na daoine sin a chreideann in áilleacht na físe pearsanta féin, an todhchaí'. (Eleanor Roosevelt)

Nótaí Acmhainne:
Is féidir téama na todhchaí a scrúdú i gcomhar le staidéar ar ábhair eile, mar shampla:

Béarla/Staidéar Scannán:
Is féidir plé a dhéanamh mar gheall ar an tsuim a bhíonn ag an aos óg i scéalta agus i scannáin diostóipeacha faoin todhchaí, *The Hunger Games* mar shampla. An bhfuil saothair ealaíne ann a chothaínn dóchas sa todhchaí ionainn, nó a gheallann dúinn go mbeidh saol feabhsaithe againn amach anseo?

Eolaíocht:
Is féidir scrúdú a dhéanamh ar an bhforbairt eolaíoch a chabhródh le saol úr éagsúil a chruthú sa todhchaí, agus na ceisteanna a d'ardófaí go haeistéitiúil nó go morálta maidir leis an dul chun cinn eolaíoch sin.

OSSP:
Is féidir scrúdú a dhéanamh ar an mbealach ina bhféadfaí córais nó struchtúir éagsúla dlí nó polaitíochta a chruthú le go bhféadfaidís a bheith mar chosaint in aghaidh na mí-úsáide cumhachta sa todhchaí.

Ealaín:
D'fhéadfadh na daltaí a gcuid saothar ealaíne féin a chruthú ar théama na todhchaí, nó ar an bhfís atá acu féin maidir leis an am atá le teacht.